Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2015**
**(OR. en)**

**9242/15**

**DEVGEN 82**
**SOC 348**
**ACP 86**
**ONU 71**
**RELEX 427**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hInscne i gcomhthéacs na Forbartha |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle na Conclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hInscne i gcomhthéacs na Forbartha**

1. Is bliain ríthábhachtach í 2015 maidir le comhionannas inscne, cearta an duine agus cumhachtú na mban agus na gcailíní sa chomhthéacs domhanda, le caibidlíocht idir-rialtasach maidir leis an gClár Oibre Iar-2015 le haghaidh Forbartha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart díriú go háirithe ar chearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, go háirithe i bhfianaise chomóradh 15 bliana Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus i bhfianaise chomóradh 20ú bliain Dhearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, Chlár Gníomhaíochta Chaireo, agus don toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus do chomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú. Chomh maith leis sin, is díol sásaimh di an Dearbhú Polaitiúil a glacadh ag an 59ú seisiún a bhí ag an gCoimisiún um Stádas na mBan agus is díol sásaimh di é gur iarradh go mbeidh ann d'fhíorú iomlán chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha ag mná agus ag cailíní ar bhonn cothrom, mar aon le baint amach comhionannais inscne agus cumhachtaithe ag mná agus cailíní feadh a saol.

2. Leis an Imeacht Ardleibhéil maidir le 'Cumhachtú na mBan agus Forbairt Inbhuanaithe', a reáchtáil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh i Ríge an 2 Márta 2015 i gcomhthéacs na Bliana Eorpaí um Fhorbairt, tugadh an deis an móiminteam polaitiúil a athnuachan agus gealltanas láidir an Aontais a athdhearbhú maidir le ceartas sóisialta, comhionannas inscne, neamh-idirdhealú agus cearta an duine.

3. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh chearta uile an duine a bhaint amach do chách. Is mór ag an gComhairle an ról tábhachtach atá ag an Aontas agus a chuid Ballstát chun tacú le tionscnaimh idirnáisiúnta a chuireann chun cinn cearta na mban agus na gcailíní, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, agus iarrann sí comhar agus comhordú leantach le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe, go háirithe NA Mná, agus le fóraim agus le gníomhaithe idirnáisiúnta ábhartha eile. Tá eagraíochtaí na mban thar a bheith tábhachtach mar chomhpháirtithe AE maidir le fíorú iomlán chearta na mban agus na gcailíní, an chomhionannas inscne agus chumhachtú na mban agus na gcailíní.

4. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le cur chuige uaillmhianach agus athraitheach chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus ar na fachtóirí riosca a bhaineann leis an neamh-chomhionannas inscne, le hidirdhealú agus le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór go mbeadh cearta na mban agus na gcailíní, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní i gcroílár Chlár Oibre Iar- 2015, mar sprioc ar leith agus mar shaincheist chothrománach, agus nach mór iad a chomhtháthú i gcuspóirí agus i dtáscairí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe go léir. Ba cheart freisin go mbeadh an cur chuige sin ina ghné ríthábhachtach sna modhanna cur chun feidhme, idir mhodhanna airgeadais agus neamhairgeadais agus sna sásraí don athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanfar ar an gClár Oibre iar-2015 agus don fhreagracht a ghabhann leis. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dul i mbun Maoiniú Forbraíochta, go háirithe i bhfianaise an tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a bheidh ar siúl in Addis Ababa i mí Iúil 2015.

5. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur sprioc é an comhionannas inscne féin agus gur bhealach é chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus cuireann sí in iúl go láidir freisin gur cheart bealaí cur chun feidhme a aimsiú a bheidh leordhóthanach, idir bhealaí airgeadais agus neamh-airgeadais, agus a bheidh comhoiriúnach do chuspóirí uaillmhianacha i leith chearta na mban agus na gcailíní, an chomhionannais inscne agus chumhachtú na mban agus na gcailíní, mar aon le tiomantas polaitiúil láidir na ngníomhaithe go léir ar gach leibhéal. Ba cheart gníomhaíochtaí príomhshruthú inscne agus gníomhaíochtaí nithiúla a ghlacadh chun beartais, cláir agus rialacháin a fhreagraíonn do chúrsaí inscne a chur chun feidhme agus feabhas a chur orthu, lena n-áirítear buiséadú a fhreagraíonn do riachtanais inscne agus lena dtugtar aghaidh ar neamhionannas.

6. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir go bhfuil cearta na mban agus na gcailíní, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní ina dtosaíochtaí beartais i gcónaí ó thaobh ghníomhaíocht sheachtrach agus comhar um fhorbairt de chuid an Aontais, agus gur cheart iad a neartú agus a léiriú i ngach réimse gan eisceacht. Meabhraíonn an Chomhairle di an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite a ghlacadh ag a mbeadh trí chodanna lena ndéanfar príomhshruthú inscne a chomhcheangal go héifeachtach le gach céim de chur i gcrích bheartais agus clár forbartha an Aontais, le próiseas comhpháirteach clársceidealaithe agus le gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le hinscne mar aon le hidirphlé a dhéanamh, idir pholaitiúil agus beartais, leis na tíortha comhpháirtíochta uile.

7. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le comhchuibheas a áirithiú ar gach leibhéal idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais i ndáil le comhlíonadh chearta na mban agus na gcailíní a ráthú mar aon le cearta grúpaí amhail LGBTI. Go háirithe, athdhearbhaíonn an Chomhairle an gá atá le comhtháthú beartas a áirithiú ar mhaithe le forbairt agus le comhsheasmhacht idir an chéad Phlean Gníomhaíochta eile maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, an Plean a bheidh in ionad an Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan san Fhorbairt (PGI) atá ann faoi láthair, an cur chuige cuimsitheach i leith chur chun feidhme Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ag an Aontas, an straitéis nua beartais de chuid an Aontais a bheidh ann i ndiaidh 2015 do chomhionannas idir fir agus mná, an t-athbhreithniú meántéarma a dhéanfar ar an Straitéis Eoraip 2020.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais agus a chuid Ballstát chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear trí bhíthin deireadh a chur leis na dlíthe idirdhealaitheacha, leis na beartais, na noirm agus na cleachtais lena gcuirtear srian ar rannpháirtíocht iomlán na mban ar an leibhéal polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta agus lena dtionchar ar gach leibhéal den tsochaí. Ba cheart aird ar leith a dhíriú freisin ar idirdhealú a dhéantar in aghaidh na mban agus na gcailíní ar níos mó ná bealach amháin agus ba cheart aird a dhíriú ar an gcaoi a gcuirtear ar an imeall iad.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm iomlán threoirlínte an Aontais maidir le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac chomh maith le gach cineál idirdhealaithe ina n-aghaidh. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a dhíothú sa saol poiblí agus sa saol príobháideach, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, foréigean teaghlaigh, cleachtais dhíobhálacha amhail baill ghiniúna ban a chiorrú nó a gearradh, pósadh leanaí, pósadh luath agus pósadh éigeantais. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhoréigean atá bunaithe ar inscne an duine agus a tharlaíonn i staideanna coinbhleachta agus iar-choinbhleachta, lena n-áirítear foréigean gnéasach.

10. Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar chearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh agus ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta agus Chlár Gníomhaíochta ICPD (an Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt), agus ar thoradh a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin agus tá sí meáite i gcónaí ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta ina dtaobh (SRHR), sa chomhthéacs sin. Agus an méid sin á mheabhrú di, athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas AE do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean mar aon leis an gceart atá ag gach duine cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach faoin méid sin. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le rochtain a bheith ag gach duine ar fhaisnéis chuimsitheach, inacmhainne, ar ardchaighdeán i leith sláinte ghnéis agus atáirgthe, ar oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta agus ar sheirbhísí cúram sláinte. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí uile an Aontais leanúint dá gcuid oibre ar na saincheisteanna sin i gcomhréir le prionsabail Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an tábhacht a bhaineann leis an tuiscint ar na comhpháirteanna agus ar na gnéithe sin a chur chun cinn a bhaineann le SRHR agus atá i mbeartas forbartha an Aontais agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil a chur chuig an gComhairle laistigh de bhliain maidir leis an ábhar sin.

11. Aithníonn an tAontas na naisc idir an tsíocháin, an tslándáil, an fhorbairt agus an comhionannas inscne, mar aon le ar ról na mban i gcoinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, i gcaibidlíocht na síochána, in idirghabháil agus i gcothú na síochána. Tá an tAontas tiomanta do rannpháirtíocht na mban i gcaibidlíocht agus cothú na síochána a mhéadú, go háirithe trí thacú le ról na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí cosmhuintire na mban.

12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta go láidir do Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán agus iarrann sí go mbeidh toradh an-mhaith ar an Athbhreithniú Ardleibhéil a dhéanfar ar an Rún sin I mí Dheireadh Fómhair 2015. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun gné na hinscne a chomhtháthú i ngach céim de Chlár Oibre an Aontais don tSíocháin agus don tSlándáil, agus in eilimintí agus ionstraimí dá chuid, chomh maith le feabhas a chur ar shaineolas agus ar acmhainní na misean agus na n-oibríochtaí arna ngabháil ar láimh i gcomhthéacs an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) agus ba bhreá léi go ndéanfaí faireachán ar an bhfeidhmíocht trí bhíthin tagarmharcanna agus spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla. Is díol sásaimh don Chomhairle rún an Ardionadaí/Leas-Uachtaráin chun feidhm ardleibhéil a bhunú a bheidh tiomanta do Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus d'ábhair a bhaineann le hinscne, san athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar SEGS.

13. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn éifeacht dhíréireach ag neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia agus an chothaithe agus an tionchar a bhíonn ag tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine ar mhná agus ar chailíní. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé aird iomchuí a thabhairt ar na tionchair sin maidir le freagairt an Aontais ar éigeandáil dhaonnúil agus i mbeartas forbartha agus clársceidealú níos leithne, lena n-áirítear rioscaí tubaiste a laghdú. Aithníonn an Chomhairle freisin an ról lárnach atá ag mná mar tháirgeoirí bia, go háirithe feirmeoirí beaga.

14. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go nglacfar cur chuige iomlánaíoch agus cuimsitheach chun cearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn, mar aon leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní i ngach réimse den tsochaí agus ar fud a saolré, idir comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí a fheabhsú le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine, comhlachais ghairmiúla, an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil.

15. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht iomlán na mban a chur chun cinn agus ceannaireacht ar gach leibhéal den chinnteoireacht sa saol polaitiúil, eacnamaíoch, poiblí agus príobháideach. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an gá atá ann an spás do ghníomhaíocht chomhchoiteann agus d'obair na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na mban agus eagraíochtaí pobalbhunaithe dul i mbun stocaireachta chun tacú le cearta na mban a chur chun cinn agus chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn.

16. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain ag na mná agus ag na cailíní ar oideachais bunscoile, meánscoile agus treasacha atá cothrom agus cáilíochta i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte, cothrom agus athraitheach ó thaobh inscne de, mar aon le hoiliúint theicniúil agus gairmoiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil.

17. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ag mná agus cailíní ar sheirbhísí bunriachtanacha cáilíochta eile, lena n-áirítear cúram sláinte ina gcuimsítear seirbhísí a bhaineann le cosc, le cóireáil, le cúram agus le tacaíocht i ndáil le VEID/SEIF, chomh maith le huisce glan agus sláintíocht leordhóthanach.

18. Aithníonn an Chomhairle gur rud ann féin é cumhachtú eacnamaíoch na mban agus gur réamhchoinníoll é chun forbairt inbhuanaithe agus fás cuimsitheach a bhaint amach. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag an earnáil phríobháideach chun tacaíocht airgeadais a sholáthar, mar aon le hoiliúint agus deiseanna fostaíochta do na mná, agus ina theannta sin, chun freagracht shóisialta chorparáideach a fhreagraíonn don inscne, a chur chun cinn. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an gá atá le timpeallacht chumasúcháin a chruthú, go háirithe trí dheireadh a chur le bacainní dlí agus sóisialta maidir le rochtain na mban ar shócmhainní táirgthe, lena n-áirítear talamh agus acmhainní nádúrtha agus eacnamaíocha eile, cuimsiú airgeadais a chur chun cinn, chomh maith le córais chosanta shóisialta atá leordhóthanach agus inacmhainne do mhná de gach aois, agus caighdeán maith oibre, lena n-áirítear pá comhionann le haghaidh obair chomhionann. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tacú le fiontraíocht na mban, lena n-áirítear trí sheirbhísí uilechuimsitheacha forbartha gnó agus airgeadais, trí shaoráidí agus oiliúint, agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumasúcháin amhail TFCanna.

19. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann páirt a thabhairt d'fhir agus do bhuachaillí agus a rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn mar aon leis an bhfreagracht atá orthu tacú le hiompar a athrú, aghaidh a thabhairt ar noirm idirdhealaitheacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne a chomhrac. Cuireann an Chomhairle béim láidir ar an ngá atá ann aitheantas níos fearr agus comhroinnt an chúraim neamhíoctha agus na hoibre baile idir mná agus fir a bhaint amach mar aon le cothromaíocht sa chinnteoireacht i dteaghlaigh. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn an Chomhairle freisin do Choinbhinsiúin ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS)[1].

[1] Coinbhinsiúin uimh EIS 100, 111, 183, 189

20. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur gá leanúint den obair a neartú maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní i ngach réimse den fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, beartas maicreacnamaíoch, an margadh saothair, forbairt na hearnála príobháidí, an trádáil, slite beatha, talmhaíocht, fuinneamh, iompar, bonneagar agus forbairt uirbeach.

21. Tugann an Chomhairle dá haire an ceathrú tuarascáil i ndáil le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan i dtaca le Forbairt 2010-2015[2] a chur chun feidhme, lena gclúdaítear an tréimhse idir Iúil 2013 agus Meitheamh 2014. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá á dhéanamh i réimsí amhail idirphlé polaitiúil, comhar, comhpháirtíochtaí agus is mór aici an seasamh láidir atá ag an Aontas maidir le clár oibre iar-2015. Mar sin féin, cuireann an Chomhairle in iúl an imní atá uirthi maidir leis an mbealach atá an plean gníomhaíochta á chur i bhfeidhm go mall agus go neamhiomlán agus an easpa dul chun cinn maidir le saincheisteanna amhail anailís inscne, staidrimh, faireacháin, rianú airgeadais, seachadadh agus tionchar. Áitíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún na moltaí sa tuarascáil a chur chun feidhme agus tá sí ag tnúth le tuarascáil dheiridh maidir le cur chun feidhme GAP atá ann faoi láthair.

22. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an tuarascáil maidir le Meastóireacht a dhéanamh ar an Tacaíocht a thugann an tAontas do Chomhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan a chur ar aghaidh i dTíortha Comhpháirtíochta don tréimhse 2007-2013. Tugann an Chomhairle na torthaí agus conclúidí na tuarascála dá haire agus ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar SEGS a moltaí a chur chun feidhme, go háirithe i gcomharbas ar GAP atá ann faoi láthair, ag tosú le freagairt bainistíochta iomláine. Is ábhar imní é don Chomhairle feidhmíocht fhormhór na dToscaireachtaí san Aontas, nach bhfuil comhionannas inscne á chur san áireamh acu ar bhealach sásúil, mar shampla nuair nach gcuirtear measúnuithe éigeantacha maidir le comhionannas inscne chun feidhme i bhFaireachán atá Dírithe ar Thorthaí.

[2] ST 5732/15

23. Tá tiomantas agus ceannaireacht athnuaite ón gCoimisiún agus ó SEGS ag teastáil ón gComhairle maidir le huaillmhian an Aontais chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bhaint amach. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an gá atá ann tús áite a thabhairt d'inscne, dea-chleachtais a spreagadh, cuntasacht agus trédhearcacht a neartú, agus a áirithiú go bhfuil gach cinneadh clársceidealaithe bunaithe ar fhianaise agus nasctha le torthaí. Go háirithe, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS gníomhú ar bhealach níos suntasaí lena neartófaí ról agus freagracht Toscaireachtaí an Aontais agus anailís inscne ardcháilíochta a chur in ord tosaíochta agus infheistiú inti mar bhunús le haghaidh straitéisí ar leibhéal na tíre agus idirphlé polaitiúil agus beartais.

24. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an tábhacht a bhaineann le faireachán, le meastóireacht agus le bearta leantacha straitéiseacha agus an gá atá ann tuairisciú a shoiléiriú agus a neartú, lena n-áirítear staidrimh, socruithe cuntasachta agus freagraí bainistíochta chun torthaí a bhaint amach. Go háirithe, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an gá atá le spriocanna agus táscairí ábhartha a shainiú go soiléir, a thomhaistear le sonraí atá á ndíchomhiomlánú de réir inscne, aoise agus fachtóirí eile, chomh maith le feabhas a chur ar rianú leithdháiltí buiséadacha agus caiteachas buiséadach agus torthaí a thomhas. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart nasc dlúth agus comhsheasmhach a lorg i ndáil le clár oibre iar-2015 agus Creat nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh Torthaí sa Chomhar agus san Fhorbairt. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir nach mór béim níos mó a thabhairt ar inscne i gCreat an Aontais maidir le Torthaí agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil a dhéanamh maidir le táscairí imdhealaithe inscne agus aoise.

25. Iarrann an Chomhairle go mbeidh cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a bheidh feabhsaithe agus níos straitéisí, ina bhfuil tosaíochtaí tábhachtacha chlaochlaithe chun dul i ngleic le neamh-chomhionannas inscne agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann faoi láthair maidir le comhionannas inscne agus chearta an duine agus saoirsí bunúsacha na mban agus na gcailíní uile a chumhachtú agus a fhíorú ina n-iomláine. Tá an Chomhairle ag tnúth le comharba uaillmhianach agus stóinsithe do GAP atá ann faoi láthair, lena gcumhdófar an tréimhse ó 2016 go 2020. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann cur leis an dul chun cinn atá déanta ag GAP atá ann faoi láthair, agus a cur chuige trí ghné á gcoimeád, na ceachtanna a fhoghlaimeofar a chur i bhfeidhm agus aghaidh iomlán a thabhairt ar na bearnaí agus ar na dúshláin atá fós ann, chomh maith le díriú ar na torthaí. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go léireofar gníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais leis an gcomharba a bheidh ann ar GAP atá ann faoi láthair. Is díol sásaimh don Chomhairle agus spreagann sí tuilleadh an cur chuige cuimsitheach atá á nglacadh ag an Aontas agus a chuid Ballstát, agus tá sí ag tnúth leis an obair leanúnach a bheidh á déanamh ag an Tascfhórsa mar ullmhúchán do GAP nua.

26. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh go leor acmhainní daonna agus airgeadais ann d'fhonn gealltanais an Aontais a bhaint amach go hiomlán maidir le cearta na mban, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá tuilleadh a dhéanamh chun cultúir institiúideacha a athrú agus chun ceannaireacht pholaitiúil a threisiú agus acmhainneacht, comhordú, comhsheasmhacht, comhlántacht agus cuntasacht a fheabhsú le gur féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit ceannasaíocht mhaith a thaispeáint.

---